Údarás Craolacháin na hÉireann
Cód na bPáistí maidir le Cumarsáidí Tráchtála

(Fógraíocht, urraíocht, teilishiopadóireacht, suíomh táirgí agus cineálacha eile cur chun cinn trácthtála)

Réamhrá **3**
1. Cuspóirí **4**
2. Sainmhínithe **5**
3. Sceidealú **6**
3.1 Treoirlínte táscacha maidir le sceidealú **7**
4. Comhlíonadh **8**
5. Luachanna Sóisialta **9**
6. Easpa taithí agus Saontacht **9**
7. Brú Míchuí **11**
8. Cosaint Speisialta do Pháistí **12**
9. Sábháilteacht Ghinearálta **13**
10. Foréigean **14**
11. Réim Bia agus Cothú **14**
12. Freagracht Tuismitheoirí **16**
13. Carachtair i gCláir **17**
14. Fógraíocht do Pháistí, Urraíocht do Pháistí agus Suíomh Táirgí do Pháistí **17**
15. Toirmisc agus Srianta ar Tháirgí F/18 ..... **18**
16. Aguisín **19**

Réamhrá
Forálann Alt 42 den Acht Craolacháin 2009 mar seo a leanas:

(1) Déanfaidh an tÚdarás, de réir an ailt seo, cód nó cóid lena rialófar caighdeáin agus cleachtais ("cód craolacháin") a bheidh le comhlíonadh ag craoltóirí a ullmhú agus, ó am go ham de réir riachtanas na hócáide, a athmheas.

(2) Déanfar a fhoráil le cóid chraolacháin—

(g) maidir le fógraíocht, bunábhar teilishiopadóireachta, urraíocht agus cineálacha eile cuir chun cinn tráchtála a úsáidtear in aon seirbhís craolacháin, go háirithe fógraíocht agus gníomhaíochtaí eile den sórt sin a bhaineann le nithe ar dóigh dóibh a bheith ina ndíol suime do leanaí go díreach nó go neamhdhíreach, go ndéanfaidh siad leasanna leanaí a chosaint ag féachaint go háirithe do leasanna leanaí i gcoitinne ó thaobh sláinte an phobail de.

Rinne Údarás Craolacháin na hÉireann Cód na bPáistí maidir le Cumarsáidí Tráchtála (" an Cód") a fhorbairt de réir a chuid oibligeáidí reachtúla. Tagann an Cód seo in áit Chód Fógraíochta an BCI do Leanaí.

Scóip
Beidh feidhm ag an gCód go sainiúil maidir le cumarsáidí tráchtála a chuireann táirgí, seirbhísí nó gníomhaíochtaí chun cinn a meastar go mbeadh spéis faoi leith ag páistí iontu agus/nó a chraoltar le linn agus idir chláir do pháistí i.e. cumarsáidí tráchtála do pháistí.

Dlínse
Ní mór do chraoltóirí laistigh de dhlínse Phoblacht na hÉireann forálacha an Chóid a chomhlíonadh. Ní bheidh feidhm aige maidir le seirbhísí eile a fhaightear go coitianta sa Stát seo ach atá ceadúnaithe sa Ríocht Aontaithe nó i ndlínsí eile.

Gearáin
Is feidir le haon éisteoir nó faireoir gearán a dhéanamh le hÚdarás Craolacháin na hÉireann nó go díreach leis an gcraoltóir ábhartha muna bhfuil siad sásta leis an gcaoi ina bhfuil craoltóir ag comhlíonadh an Chóid seo. Tá breis eolais ar fáil ar **www.bai.ie**, nó trí ríomhphost a sheoladh chuig **complaints@bai.ie** nó trí glaoch teileafóin a chur ar **01 6441200.**

Treoir
Tá eolas breise maidir leis an gCód seo ar fáil sna Treoirnótaí atá ar fáil ag www.bai.ie. Ní chuireann an tÚdarás seirbhís imréitigh cóipe ar fáil do chraoltóirí, d'fhógróirí nó don phobal i gcoitinne.

Is é 10 Meitheamh 2010 an dáta óna mbeidh feidhm ag an gCód seo.

1. Cuspóirí

Is iad cuspóirí an Chóid:

- Cosaint a thabhairt do pháistí ó chumarsáidí tráchtála atá míchuí agus/nó díobhálach;

- Admháil go bhfuil so-ghabháltacht áirithe i bpáistí ach go hairithe agus a chinntiú nach mbaineann cumarsáidí tráchtála mí-úsáid as an tso-ghabháltacht sin;

- Cinntiú go mbíonn cumarsáidí tráchtála cothrom agus go gcuireann siad an táirge nó an tseirbhís atá á chur chun cinn i láthair ar bhealach gur féidir le páistí é a thuiscint go héasca agus nach dtugann ionchas míréadúil maidir le hacmhainní agus tréithe an táirge nó na seirbhíse atá á chur chun cinn, agus;

- Treoir ghlan shoiléir a sholáthar do chraoltóirí, fógróirí, tuismitheoirí, caomhnóirí agus do pháistí maidir leis na caighdeáin gur féidir leo a bheith ag súil leo ó chumarsáidí tráchtála ar sheirbhísí craoltóireachta Éireannacha.

2. Sainmhínithe

(a) Ciallaíonn **páiste** aon duine faoi bhun 18 bliain d'aois agus ba chóir aon tagairtí do **pháistí** a fhorléiriú dá réir sin.

Aithníonn an Cód an prionsabal go dteastaíonn leibhéil éagsúla chosanta ó pháistí d'aoiseanna éagsúla, go háirithe páistí faoi bhun 6 bliana d'aois agus iad atá os cionn 15 bliana d'aois. Le go mbeidh feidhm phraiticiúil ag an bprionsabal sin, sonraítear prionsabail ghinearálta sa Chód a bhfuil feidhm acu maidir le cumarsáidí tráchtála do pháistí agus a shonraíonn roinnt beart cosanta a bhaineann le páistí faoi bhun 6 bliana d'aois agus iad atá faoi bhun 15 bliana d'aois. Sonraítear go han-soiléir na forálacha a bhaineann le gach ceann de na haoisghrúpaí sin.

(b) Chun críocha an Chóid seo, is iad na sainmhinithe ar na cineáil éagsúla cumarsáidí tráchtála sa **Chód Ginearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála** a bheidh i bhfeidhm:-

- Fógraíocht
- Urraíocht
- Cumarsáidí Tráchtála atá Míthreorach, Comparáideach, Rúnda agus Fothairseachúil
- Teileashiopadóireacht
- Suíomh Táirgí ar an dTeilifís
- Fógraíocht Fhíorúil, Idirghníomhach agus Scáileán Roinnte

(c) Ciallaíonn **cumarsáidí tráchtála** íomhánna, a bhfuil fuaim leo nó nach bhfuil, agus fógraí raidió, a bhfuil sé mar aidhm acu táirgí, seirbhísí nó íomhá d'eintiteas nádúrtha nó dlíthiúil atá a bhfuil gníomhaíocht gheilleagrach ar bun acu a chur chun cinn ar bhealach díreach nó go hindíreach. Bíonn íomhánna agus fógraí raidió den chineál sin ag gabhail le clár nó mar chuid de chlár ar son íocaíochta nó ar son comaoine den chineál sin, nó ar mhaithe le féin-phoiblíocht. Áirítear mar chineáil cumarsáidí tráchtála, inter alia, fógraíocht, urraíocht, teilishiopadóirecht agus suiomh táirgí, ach ní áiritear leo fógraí seirbhísí pobail agus feachtais carthanachta a craoltar iad saor in aisce.

(d) Ciallaíonn **Cumarsáidí Tráchtála do Pháistí** cumarsáidí tráchtála a chuireann chun cinn táirgí, seirbhísí nó gníomhaíochtaí a meastar go mbeadh spéis faoi leith ag páistí iontu agus/nó a chraoltar le linn agus idir chláir do pháistí.

(e) Ciallaíonn **Fógraíocht do Pháistí, Urraíocht do Pháistí agus Suíomh Táirgí do Pháistí** fógraíocht, urraíocht agus suíomh táirgí (mar atá sainmhínithe sa Chód Ginearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála) a chuireann chun cinn táirgí, seirbhísí nó gníomhaíochtaí a meastar go mbeadh spéis faoi ag páistí iontu agus/nó a chraoltar le linn agus idir chláir do pháistí.

(f) Is ionann **cláir do pháistí** agus cláir a dtugtar an t-ainm sin orthu de ghnáth nó a bhfuil níos mó ná 50% dá lucht féachana faoi bhun 18 bliain d'aois. I gcás go luaitear go mbaineann forálacha an Chóid le daoine thar 15 bliain d'aois nó faoi bhun 6 bliana d'aois, is amhlaidh a bheidh feidhm ag na forálacha sin i gcás (i) fógraíocht atá dírithe ar na haoisghrúpaí sin, (ii) fógraíocht a chraoltar le linn clár a bhfuil níos mó ná 50% dá lucht féachana sna haoisghrúpaí sin.

3. Sceidealú

Sainmhínítear clár do pháistí i gcomhthéacs phróifíl aoise na ndaoine a mbreathnaíonn air nó a n-éisteann leis. Dá bhrí sin, is ionann 'clár do pháistí' agus clár ar bith a dtugtar an t-ainm sin air de ghnáth agus/nó clár ar bith a bhfuil os cionn 50% dá lucht féachana faoi bhun 18 bliain d'aois. I gcás sraitheanna atá ar siúl le fada, ba chóir do chraoltóirí meán na bhfigiúirí féachana thar thréimhse réasúnach ama a úsáid chun cinneadh a dhéanamh cibé acu an clár do pháistí atá i gceist nó nach ea.

Aithníonn an cód prionsabal dualgais na dtuismitheoirí. I dtéarmaí ginearálta, ní mheastar gur cláir do pháistí iad cláir a chraoltar iad i ndiaidh 9pm. Tar éis an ama sin, is ar na tuismitheoirí/caomhnóirí atá an fhreagracht is mó maidir leis na cláir a bhfuil an páiste ag breathnú orthu.

Aithníonn an cód, áfach, nach stopann páistí ag breathnú go tobann ar 9pm agus, dá bhrí sin, cuirfidh an cód cosaint áirithe ar fáil san uair an chloig idir 9pm agus 10pm. Má léiríonn na figiúirí féachana do chlár a chraoltar i ndiaidh 9pm agus roimh 10pm go bhfuil níos mó ná 50% den lucht féachana faoi bhun 18 bliain d'aois, is amhlaidh a bheidh feidhm leis na forálacha a bhaineann le daoine faoi bhun 18 bliain d'aois.

Is féidir, i gcúinsí eisceachtúla, go meallfaidh gnáthchláir nach rangaítear go hiondúil iad mar chláir do pháistí, lucht féachana gur páistí iad os cionn 50% díobh. Tá iallach ar chraoltóirí a bheith ar an airdeall faoin seans go dtarlóidh sé sin, i gcomhthéacs ábhar an chláir, stair an chláir go dtí seo, tionchar cibé scéalta nó caimeónna atá le teacht agus a d'fhéadfadh a oiread sin páistí a mhealladh agus go mbeidís os cionn 50% den lucht féachana. Sa chás sin, ní mór dóibh forálacha an Chóid a chur i bhfeidhm dá réir.

Is próifíliú lucht féachana an príomh-mhodh a bheidh ann chun forálacha an Chóid a chur i bhfeidhm. Maidir le cláir aonuaire nó sraitheanna gearra, áfach, ní i gcónaí is féidir próifíl an lucht féachana a thuar. I gcás mar sin, ba chóir do chraoltóirí tagairt do na treoirlínte sceidealaithe táscacha a a dhéantar cur síos orthu thíos. Is amanna táscacha iad sin ag a mbíonn aoisghrúpaí áirithe ag breathnú ar an dteilifís. Le linn dóibh a bheith ag sceidealú cumarsáidí tráchtála, agus le linn measúnú maidir lena n-oiriúnacht a bheith á dhéanamh, iarrtar ar chraoltóirí an measúnú sin a dhéanamh i bhfianaise an aoisghrúpa dhóchúil a bheidh ag faire ag an dtráth sin.

3.1 Treoirlínte táscacha maidir le sceidealú

I gcás nach féidir próifíliú lucht féachana a dhéanamh, ba chóir do chraoltóirí na treoirlínte seo a leanas a úsáid:

- Má mheasann craoltóirí, agus breithiúnas réasúnta a úsáid acu, go bhfuil cumarsáid tráchtála áirithe do pháistí míchuí do pháistí faoi bhun 6 bliana d'aois, níor chóir é sin a chraoladh le linn nó idir chláir do pháistí atá dírithe ar an aoisghrúpa sin.

- Má mheasann craoltóirí, agus breithiúnas réasúnach a úsáid acu, go bhfuil cumarsáid áirithe tráchtála do pháistí míchuí do pháistí faoi bhun 15 bliain d'aois, nó go bhféadfadh sé cur as dóibh, agus aird chuí ach go háirithe á thabhairt acu d'fhorálacha an Chóid seo, ba chóir an chumarsáid tráchtála sin a chraoladh tar éis 9pm.

- Má mheasann craoltóirí, agus breithiúnas réasúnach á úsáid acu, go bhfuil ábhair de chineál gnéasach nó foréigneach i gcumarsáid áirithe tráchtála nach bhfuil oiriúnach do pháistí faoi bhun 18 bliana d'aois, agus aird chuí ach go háirithe á thabhairt d'fhorálacha an chóid seo, ní mór dóibh ansin a machnamh a dhéanamh maidir leis an gcumarsáid sin a theorannú go dtí tar éis 11pm.

4. Comhlíonadh

1. Ní mór do chraoltóirí forálacha an Chóid a chomhlíonadh.

2. Déanfar cumarsáidí tráchtála do pháistí a bhreithniú ina n-iomlán agus i gcomhthéacs i gcoinne na bhforálacha atá ináirithe sa Chód seo. Beidh na tosca comhthéacsúla seo a leanas i bhfeidhm:-

    - Am a chraolta
    - An cineál cláir
    - An cineál cainéil/seirbhíse
    - Nádúr an táirge nó na seirbhíse
    - Sprioclucht féachana/éisteachta an táirge nó na seirbhíse
    - Próifíl dhóchúil an lucht féachana/éisteachta atá ag breathnú ar an gclár nó ag éisteacht leis

3. Comhlíonfaidh craoltóirí an Cód ó thaobh ábhair agus brí de.

5. Luachanna Sóisialta

1. Ní dhéanfaidh cumarsáidí tráchtála do pháistí dochar morálta, meabhrach nó fisiciúil do pháistí.

2. Ní léireodh cumarsáidí tráchtála do pháistí réimse luachanna a thagann salach ar chaighdeáin mhorálta agus eiticiúla agus ar ilchineálacht shochaí chomhaimseartha na hÉireann. Léireoidh said meas ar dhínit an duine agus ní dhéanfaidh said idirdhealú ó thaobh inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, creideamh, aois, míchumas, cine nó comhaltas den Lucht Siúil. Ná ní bheidh said maslach do dhearcadh reiligiúnach nó polaitiúil ná ní spreagfaidh siad iompar a dhéanfaidh díobháil don dtimpeallacht. Beidh meas ar phrionsabal an chomhionannais agus seachnóidh siad steiréitíopaí gnéis a chruthú nó dushaothrú nó díspeagadh a dhéanamh ar fhir, ar mhná nó ar pháistí. **F/18**

3. Ach amháin i gcás go chuirtear a mhalairt in iúl, ní mór do chumarsáidí tráchtála do pháistí a thagann laistigh de scóip an Chóid seo Míreanna 3.1, 3.2, agus 3.3 den Chód Ginearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála a chomhlíonadh. **F/18**

6. Easpa taithí agus Saontacht

1. Ní dhéanfaidh cumarsáidí tráchtála do pháistí buntáiste de shaontacht nádúrtha nó den bhraistint dílseacht atá ag páistí. Ní dhéanfar, trí leid, trí fhaillí, trí dhébhríocht nó trí mhaíomh áibhéalach, míthreoir ná dallamullóg a chur ar pháistí, nó ní bhainfear mí-úsáid as muinín nó easpa eolais na bpáistí. Ní bhainfear mí-úsáid as an eagla nó, gan údar fónta a bheith leis, ní bhainfear úsáid as. **F/18**

Cur i Láthair Fíriciúil

Déanfaidh cumarsáidí tráchtála do pháistí an méid seo a leanas:

2. Taispeánfaidh siad go soiléir cé acu na páirteanna, píosaí nó gabhálais atá ináirithe mar chuid den táirge nó den tseirbhís agus déanfaidh siad idirdhealú idir iad sin agus na cinn nach féidir iad a fháil ach amháin ar chostas breise. **F/18**

3. Cinnteoidh siad go mbíonn teachtaireachtaí ar an scáileáin agus 'cló beag' soiléir, simplí agus soléite agus go bhfanann siad ar an scáileán fada go leor chun go mbeidh ar chumas páiste iad a léamh. **F/15**

4. Tabharfaidh siad tuiscint do pháistí ar mhéid iarmhír an táirge. **F/15**

5. Taispeánfaidh siad go soiléir nuair atá gá le ceallraí leis an táirge a chur ag obair agus an gcuirtear iad sin ar fáil in éineacht leis an dtáirge nó nach gcuirtear. **F/15**

6. Léireoidh siad go soiléir nuair is gá táirge a chur le chéile agus an leibhéal aoise atá de dhíth go hiondúil chun an táirge a chur le chéile. **F/15**

7. Seachnóidh siad aon fhriotal, cleasanna físe nó radhairc shamhalta a úsáid a d'fhéadfadh meascán mearaí a chur ar pháistí nó a thabharfadh orthu creidiúint go bhfuil acmhainní nó tréithe ag baint le táirge nó le seirbhís nach ann dóibh dáiríre. **F/15**

8. Ní dhéanfaidh cumarsáidí tráchtála do pháistí i gcás bréagán nó sealúchas páistí comparáidí díreacha idir leaganacha atá ann cheana agus leaganacha/samhlacha 'feabhsaithe' den táirge, fiú má tá bunús maith lena leithéid a mhaíomh. [1] **F/15**

9. Cuirfidh siad aon teachtaireachtaí ar an scáileán nó cló beag in iúl le focail ó bhéal lena chinntiú go dtuigeann páistí ag an aois sin an teachtaireacht sin. **F/6**

Praghas an Táirge/na Seirbhíse

Maidir leis an gcaoi a chuirtear praghas an táirge nó na seirbhíse i gcumarsáidí tráchtála do pháistí i láthair, beidh na rialacha seo a leanas i bhfeidhm:

10. I gcás go luaitear praghas, is é an praghas euro a luafar, CBL agus aon táillí breise nó gaolmhara san áireamh. **F/18**

11. Má tá an praghas ag brath ar earra eile a cheannach, caithfear an méid sin a chur in iúl go soiléir sa chumarsáid tráchtála. **F/18**

[1] Is táirgí iad sin a d'fhéadfaí a bheith ag súil go reasúnach go mbeidis ina seilbh ag páistí faoi bhun 15

12. Má tá líon earraí nó seirbhísí éagsúla sa chumarsáid tráchtála do pháistí, agus má tharraingtear aird ar an bpraghas atá ar earra/earraí ar leith, caithfear a chur in iúl go soiléir gur don earra/do na hearraí sin amháin atá an praghas ag tagairt. **F/18**

13. Má luaitear 'bronntanais saor in aisce' nó tairiscintí i gcumarsáid tráchtála do pháistí, ní mór na téarmaí agus na coinníollacha cáilithe go léir a shonrú freisin, m.sh. aon teorainn ama atá i bhfeidhm, an líon táirgí is gá a cheannach, cá mhéad scaoilteog a chaithfear a bhailiú etc. Níl sé ceadaithe do chumarsáidí tráchtála do pháistí duaiseanna ná bronntanais a thairiscint do pháistí as ucht tuilleadh custaiméirí a mhealladh chun an táirge nó an tseirbhís a cheannach. **F/18**

14. Cuirfear an praghas i láthair i gcló soiléir simplí soléite agus, i gcásanna cuí, déarfar amach mar chuid den fhuaimrian é. **F/15**

15. Ní dhéanfaidh na focail a úsáidtearchun an praghas a chur in iúl costas an táirge a íoslaghdú, m.sh. trí fhocail ar nós ‘níl air ach X’ nó ‘díreach X’ a úsáid. **F/15**

16. Maidir le bréagáin chostasacha, luafar a bpraghas sa chumarsáid tráchtála do pháistí. Ní mheastar bréagán a bheith costasach más féidir an bréagán agus aon ghabhálais riachtanacha a cheannach ar ghnáthphraghas atá níos ísle ná figiúr a shonraíonn an BAI ó am go ham. €30 an figiúr atá i gceist faoi láthair ach tá sé sin faoi réir athbhreithnithe. **F/15**

7. Brú Míchuí

1. Ní bheidh aon achainí dhíreach in aon chumarsáid tráchtála do pháistí ag tathaint ar pháistí iarraidh ar dhaoine fásta na táirgí nó na seirbhísí atá á bhfógairt a cheannach dóibh. **F/18**

2. Níor chóir do chumarsáidí tráchtála do pháistí tabhairt le fios go gcuirfidh seilbh ar tháirge nó ar sheirbhís an páiste nó a theaghlach/a teaghlach ar chéim níos airde, bíodh sin go fisiciúil, go sóisialta nó go siceolaíoch ná daoine eile. **F/18**

3. Ní ceadmhach do chumarsáidí tráchtála do pháistí a thabhairt le fios go mbeadh an páiste nó an teaghlach níos suaraí ná daoine eile, nó go mbeifear ag magadh orthu nó ag déanamh beag díobh toisc nach bhfuil táirge nó seirbhís áirithe acu. Ní thabharfaidh siad le fios go bhfuil sé d'acmhainn ag gach teaghlach an táirge nó an tseirbhís a cheannach. **F/18**

4. Ní mór do chumarsáidí tráchtála do pháistí a bheith an-chúramach an impleacht a sheachaint go gcabhróidh úsáid nó seilbh táirge nó seirbhíse le páiste cairde a dhéanamh nó go gcuirfidh sé leis an meas atá air/uirthi nó a mhalairt. **F/18**

5. Níor chóir go mbeadh aon pháiste imníoch faoina fhiúntas féin, faoina dhílseacht ná faoina íomhá phearsanta de bharr cumarsáide tráchtála do pháistí. **F/18**

8. Cosaint Speisialta do Pháistí

Táirgí/Seirbhísí á moladh ag páistí

1. Níl sé ceadaithe páistí a úsáid i gcumarsáidí tráchtála do pháistí do pháistí chun tuairim a thabhairt ar tháirgí nó chun táirgí a mholadh ach amháin i gcás go bhfuil sé réasúnta a bheith ag súil go n-úsáidfeadh na páistí féin na táirgí sin nó go mbeadh spéis de ghnáth acu féin iontu.

   Tá sé ceadmhach do pháistí páirt a ghlacadh i gcumarsáidí tráchtála do pháistí le haghaidh táirgí do dhaoine fásta má tá páistí ina ngné nádúrtha den timpeallacht atá á léiriú nó má tá siad riachtanach chun úsáid an táirge nó na seirbhíse a mhíniú nó a thaispeáint. **F/18**

Páistí á Léiriú ar Bhealach Gáirsiúil

2. Níl sé ceadmhach do chumarsáidí tráchtála do pháistí aon pháiste a léiriú ar bhealach gáirsiúil nó aon imní a chur ar pháistí maidir leis an gcuma atá ar a gcoirp. **F/18**

Príobháideachas agus Soláthar Faisnéise

3. Ní iarrfaidh cumarsáidí tráchtála do pháistí ar pháistí eolas príobháideach a sholáthar fúthu féin, faoina dteaghlach nó faoina gcairde, ach amháin má tá an chumarsáid tráchtála ina cuid d'fheachtas a bhaineann lena sábháilteacht, sláinte nó lena leas. I gcás go n-úsáidtear an nós seo ba chóir do chumarsáidí tráchtála do pháistí a chur in iúl, oiread agus atá réasúnta, go gcaithfidh an páiste cead a fháil ó dhuine fásta sula seachadaítear an t-eolas. **F/18**

Daoine fásta ag cur i gcéill gur páistí iad

4. Maidir le daoine fásta i gcumarsáidí tráchtála do pháistí ag cur i gcéill gur páistí iad, níl sé ceadmhach aon mhasla ná díspeagadh a dhéanamh ar dhínit páistí. **F/18**

9. Sábháilteacht Ghinearálta

1. Ní thabharfaidh cumarsáidí tráchtála do pháistí spreagadh do pháistí iad féin a chur i mbaol, ná dul isteach in áiteanna coimhthíocha ná labhairt le strainséirí. **F/18**

2. I gcumarsáidí tráchtála do pháistí, níl sé ceadaithe páistí a thaispeáint i ndálaí a bhfuil contúirt mhorálta nó fhisiceach ag baint leo, ná páistí a léiriú á n-iompar féin ar shlí chontúirteach sa bhaile nó lasmuigh, ach amháin i gcás gurb é aonchuspóir na cumarsáide tráchtála an tsábháilteacht a chur cinn. **F/18**

3. Léireoidh cumarsáidí tráchtála do pháistí an trealamh cuí sábháilteachta á úsáid ag páistí agus iad ag cloí le gach riail sábháilteachta a bhaineann le linn dóibh a bheith i mbun gníomhaíochtaí ina mbíonn a leithéid de dhíth, agus daoine fásta ag faire orthu, más cuí, mar shampla le linn do pháistí a bheith ina bpaisinéirí i bhfeithiclí, nó le linn dóibh a bheith ag siúl ar na sráideanna, ag rothaíocht, ag lannrolláil, ag clársclátáil, ag snámh, ag marcaíocht ar chapall nó a bheith i mbun spóirt uisce. **F/18**

4. Níor chóir do chumarsáidí tráchtála do pháistí páistí a léiriú ag úsáid an Idirlín gan maoirsiú chuí a bheith á déanamh orthu ag daoine fásta **F/18**

5. Níor chóir páistí a thaispeáint i gcumarsáidí tráchtála do pháistí ag úsáid nó in aice le substaintí contúirteacha, mar shampla lasáin, gairis gháis, peitreal, substaintí áirithe tí, ná cógais a bheith ina seilbh nó a bheith á ndáileadh acu gan mhaoirsiú cuí ó dhaoine fásta. **F/15**

Iompar

6. I gcumarsáidí tráchtála do pháistí níor chóir páistí a spreagadh chun páirt a ghlacadh, ná níor chóir iad a thaispeáint agus páirt á ghlacadh acu, in iompar frithshóisialta, go háirithe bulaíocht nó magadh faoi pháistí eile nó páistí eile a chiapadh, ach amháin i gcás gurb é aonchuspóir na cumarsáide tráchtála dímholadh a dhéanamh ar iompar den chineál sin. **F/18** 7. Ní dhéanfaidh cumarsáidí tráchtála do pháistí aon díspeagadh ar an oideachas ná ní thabharfaidh siad le fios gur dea-thréithe iad ionsaitheacht nó saint. **F/18**

10. Foréigean

1. Go hiondúil, mar phrionsabal, níor chóir go mbeadh foréigean nó radhairc a chuirfeadh as do pháistí á dtaispeáint i gcumarsáidí tráchtála do pháistí. **F/18**

2. I gcásanna ina bhfuil sé riachtanach radhairc fhoréigneacha a chur sa chumarsáid tráchtála, mar chuid de theachtaireacht sheirbhis phoiblí, nó chun an táirge nó an tseirbhíse a thaispeáint, ní mór sceidealú freagrach a dhéanamh lena chinntiú nach gcuireann cumarsáidí tráchtála do pháistí den chineál sin as do pháistí den aoisghrúpa seo. **F/6**

11. Réim Bia agus Cothú

1. Beidh cumarsáidí tráchtála do pháistí freagrach maidir leis an gcaoi ina léirítear bia agus deoch. Níor chóir stíl mhaireachtála nach bhfuil folláin nó nósanna itheacháin is ólacháin atá mífholláin, mar shampla nósanna itheacháin is ólacháin atá míchuíosach nó éigníoch, a spreagadh. **F/18**

2. Nuair a léirítear daoine ag suí chun boird i gcumarsáidí tráchtála do pháistí, ba chóir an ról atá ag an táirge nó ag an tseirbhís laistigh de réim chothrom bia a thaispeáint go soiléir **F/18**

3. Níl sé incheadaithe go mbeadh faisnéis mhíchruinn nó míthreorach maidir le luach beathaithe táirge i gcumarsáidí tráchtála do pháistí. Níor chóir dóibh aon chomparáid atá mícheart nó míthreorach a dhéanamh idir bianna. Níor cheart go dtabharfadh said le fios gur féidir bianna áirithe a chur in ionad nó in áit torthaí agus/nó glasraí. **F/18**

4. I gcás gach cumarsáide tráchtála do pháistí ar son táirgí, siopaí agus/nó brandaí mearbhia, ní mór teachtaireacht fuaime nó físe a thaispeáint ag cur in iúl gur cheart an bia sin a ithe mar chuid de réim chothrom bia agus nár cheart an iomarca de a ithe. Is mar seo a shainmhínítear mearbhia “bia den chineál a dtugtar an t-ainm sin de ghnáth agus/nó bia cócaráilte neamhchostasach a ullmhaítear agus a dháiltear go tapa agus gur féidir le páistí é a cheannach”. Níl sé i gceist go gclúdódh an sainmhíniú bia réamhullmhaithe agus bia saoráideach a cheannaítear lena ullmhú agus a chócaráil sa bhaile. Sa chás seo ní hé an méid ama atá de dhíth chun an bia a chócaráil atá i gceist ach cé chomh tapaidh agus cé chomh héasca agus atá sé an bia a fháil agus a ithe. **F/18**

5. Ní léireoidh cumarsáidí tráchtála do pháistí daoine iomráiteacha nó réaltaí spóirt d’fhonn táirgí bia nó deochanna a chur chun cinn, ach amháin i gcás go bhfuil an chumarsáid tráchtála mar chuid d’fheachtas poiblí sláinte nó oideachais. Is mar seo a shainmhínítear 'daoine iomráiteacha' sa chás seo, i.e. daoine a mbíonn moladh nó ómós forleathan acu agus/nó a bhfuil aithne forleathan ag páistí orthu. Ní áirítear leosan na daoine nó carachtair nach bhfuil aithne ag páistí orthu ach amháin de bharr a gcuid rannpháirtíochta i gcumarsáidí tráchtála. **F/15**

6. Ní mór do chumarsáidí tráchtála do pháistí ar son táirgí milseogra teachtaireacht fuaime nó físe adeir ‘is féidir damáiste do na fiacla a bheith mar thoradh ar bhia agus deochanna siúcraithe a ithe agus a ól’ a thaispeáint. Ciallaíonn ‘milseogra’ sa chás seo siúcra, mil, subha, barraí clúdaithe le seacláid (ach amháin brioscaí), milseográ nach bhfuil déanta as seacláid – m.sh. barraí gránábhar – agus milseoirí bréagacha[2]. Tá deochanna carbónáitithe, deochanna gan siúcra ina measc, san áireamh, ach amháin uisce. **F/18**

12. Freagracht Tuismitheoirí

Is ar thuismitheoirí agus ar chaomhnóirí is mó atá freagracht as a gcuid páistí, ach ba chóir dóibh siúd atá freagrach as cumarsáidí tráchtála, craoltóirí san áireamh, tacú leis an gcaidreamh idir tuismitheoirí/caomhnóirí agus a gcuid páistí trí sceidealú freagrach a dhéanamh agus gan baint d’údarás, d’fhreagracht nó de bhreithiúnas na dtuismitheoirí nó na gcaomhnóirí maidir le hábhar na gcumarsáidí tráchtála do pháistí. Clúdaíonn seo plotaí a spreagann páistí chun cluain nó dallamullóg a chur ar dhaoine fásta chun go gceannóidh nó go soláthróidh siad an táirge nó an tseirbhís atá á chur chun cinn. Ní thabharfaidh cumarsáidí tráchtála do pháistí le fios go bhfuil tuismitheoir nó duine fásta a cheannaíonn nó a sholáthraíonn táirge nó seirbhís don pháiste níos fearr, níos cliste nó níos flaithiúla ná duine nach ndéanann é sin. **F/18**

[2] Tá an sainmhiniú seo ar ‘mhilseogra’ de réir Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI). Tá na samplaí leagtha síos de réir rannóga an EU faoi mar atá leagtha síos ag an gcomhphobal Eorpach. Féach: Food Safety Authority of Ireland (2001), Guidance Note on the EU Classification of Food No. 2, lch. 15. Tá breis eolais ar na hábhair bia atá ainmnithe, féach FSAI 2001, Aguisín 1, lch 44.

13. Carachtair i gCláir

Ní úsáidfear carachtair nó pearsantachtaí ó chláir reatha do pháistí a chraoltar ar na seirbhísí dúchasacha chun táirgí nó seirbhísí a chur chun cinn i gcumarsáidí tráchtála do pháistí. Sa chás seo, is ionann clár 'reatha' agus clár rialta atá le teacht ar ais sa chéad séasúr craolta eile.

Níl feidhm ag an bhforáil seo maidir le cumarsáidí tráchtála do pháistí ar son táirgí, ócáidí nó seirbhísí a bhfuil baint díreach acu leis an gclár ina mbíonn na carachtair nó na daoine le feiceáil de ghnáth. Maidir le cumarsáidí tráchtálado pháistí ar son táirgí, imeachtaí nó seirbhísí a bhfuil baint dhíreach acu leis an gclár do pháistí, níl sé ceadaithe iad sin a chraoladh sa dá uair an chloig roimh thús agus tar éis dheireadh cibé cláir a bheadh i gceist. **F/18**

14. Fógraíocht do Pháistí, Urraíocht do Pháistí agus Suíomh Táirgí do Pháistí

1. Ach amháin nuair a chuirtear a mhalairt in iúl, comhlíonfaidh fógraíocht do pháistí, urraíocht do pháistí agus suíomh táirgí do pháistí a thagann laistigh de scóip an Chóid seo Alt 4 (Rialacha maidir le Fógraíocht agus Teilisiopadóireacht), Alt 6 (Rialacha maidir le hUrraíocht) agus Alt 7 (Suíomh Táirgí ar an dTeilifís) den Chód Ginearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála. **F/18**

2. Ní mór fógraíocht do pháistí a dheighilt go soiléir ó ábhar cláir agus ní cheadaítear inti sliochtanna ó chláir do pháistí a d'fhéadfadh an t-idirdhealú idir fhógraíocht agus ábhar cláir a dhéanamh míshoiléir. **F/18**

3. Níl sé ceadaithe fógraíocht do pháistí ar théama na Nollag a chraoladh roimh 1 Samhain in aon bhliain. Is é atá i gceist le fógraíochtdo pháistí ar théama na Nollag ná fógraíocht ina bhfuil tagairtí, amhairc nó fuaime, don Nollaig. **F/18**

4. Níl cead cur isteach le fógraíocht ar chlár do pháistí a bhfuil aga sceidealaithe aige de níos lú ná 30 nóiméad. Is féidir fógraíocht a chur isteach uair amháin le linn gach 30 nóiméad sceidealaithe i gclár a bhfuil aga sceidealaithe aige de 30 nóiméad nó níos faide. **F/18**

5. Níl sá ceadaithe lógónna lucht urraithe a thaispeáint le linn míreanna eagarthóireachta de Chláir do Pháistí. **U/18** (Beidhm feidhm ag an riail seo ó 1 Eanáir 2011)

15. Toirmisc agus Srianta ar Tháirgí F/18

1. Sonraíonn Alt 8 agus Alt 9 den Chód Ginearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála toirmisc agus srianta ar réimse seirbhísí agus earraí. Ach amháin i gcás go gcuirtear a mhalairt in iúl, bainfidh na toirmisc agus na srianta sin le cumarsáidí tráchtála a thagann laistigh de scóip an Chóid seo.

2. I dteannta na srianta agus na dtoirmeasc atá liostáithe sa Chód Ginearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála sin, tá toirmeasc ar chumarsáidí tráchtála do pháistí ar son an méid seo a leanas:-

- Seirbhísí nó táirgí Geallchuir agus Cluichíochta (ach amháin an Crannchur Náisiúnta faoi mar a cheadaítear de réir an Achta um Chrannchur Náisiúnta 1986).
- Táirgí agus seirbhísí tanúcháin (sainmhínítear ‘tanú’ mar seo: meáchan a laghdú, a shrianadh nó a rialú).
- Seirbhísí a chuireann daoine in aithne dá chéile nó a dhéanann coinní eatarthu.
- Seirbhísí de chineál gnéasach.
- Teileashiopadóireacht
- Fógraíocht scáileán roinnte, fógraíocht idirghníomhach agus fógraíocht fhíorúil.
- Gnáthaimh cosmaideacha máinliachta agus neamh-máinliachta
- Fir nó mná feasa, seirbhísí síceacha, etc.

Ba chóir go mbeadh craoltóirí ar an eolas go bhfuil aicmí eile de chumarsáidí tráchtála toirmiscthe nó teoranta nó go gcuireann forálacha reachtúla nó rialacháin sriantaí orthu. Tá treoir i dtaobh na bhforálacha sin san Aguisín atá leis an gCód seo agus níor chóir glacadh leis gur treoir uileghabhálach an treoir sin.

16. Aguisín

Seo a leanas treoir neamh-uileghabhálach den phríomh-reachtaíocht gur féidir léi cumarsáidí tráchtála in Éirinn a theorannú nó a rialú nó tionchar eile a bheith aici orthu. Is mar threoir amháin atá an liosta seo agus tá sé go hiomlán ina ábhar don duine aonair na forálacha ábhartha reachtacha a chinntiú a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm i ngach cás.

Reachtaíocht Chraolacháin

An tAcht um Údarás Craolacháin, 1960.
An tAct um Údarás Craolacháin (Leasú), 1976.
An tAcht Craolacháin agus Raidió-Theileagrafaíochta, 1988.
An tAcht Craolacháin, 1990
An tAcht Craolacháin, 2009

Reachtaíocht Náisiúnta Eile
Achtanna Uchtála, 1952 go 1998

An tAcht um Leigheasanna Ainmhithe, 1993.

Rialacháin Leigheasanna Ainmhithe (Rialú ar Díol) 1985 - 1991 (I.R. 258/1985, I.R.

244/1991)

Acht um Gheall-Chur, 1931
An tAcht Cumann Foirgníochta, 1989 mar atá leasaithe ag Acht na bliana 2006

Acht an Bhanc Ceannais agus Údaráis Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2003

Achtanna an Bhainc Ceannais 1942-1998

Achtanna um Scrúdóireacht Scannán, 1923- 1970.

Achtanna um Chinsireacht Fhoilseachán, 1929 go1967.

Rialacháin um Chinsireacht Fhoilseachán 1980 (I.R. 292/1980)

Acht an Bhanc Ceannais agus Údaráis Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2003 agus 2004

Achtanna an Bhainc Ceannais 1942-1998

Achtanna um Scrúdóireacht Scannán, 1923- 1992.

Achtanna um Chinsireacht Fhoilseachán, 1929-1967.

Rialacháin um Chinsireacht Fhoilseachán 1980 (I.R. 292/1980)

An tAcht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998

An tAcht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí (leasú), 2004

Achtanna na gCuideachtaí, 1963-2009.

An tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995.

An tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995 (Alt 28) Rialacháin, 1996. I.R. 245/1996

An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007.

Ordú um Fhaisnéis do Thomhaltóirí (Fógrán i dtaca le Léiriúcháin Ceolchoirme nó Amharclainne), 1997. (I.R. 103/1997)

Ordú um Fhaisnéis do Thomhaltóirí (Fógráin) (Nochtú Leas Gnó), 1984. (I.R. 168/1984)

An tAcht Cóipchirt, 1963.

An tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000 agus 2004.

An tAcht um Chomhar Creidmheasa 1997.

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001

Achtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 .

Achtanna Tora Déiríochta, 1924 go 1947

An tAcht um Chlúmhilleadh 2009

Achtanna Cosanta, 1954 go 2007

An tAcht um Ghníomhaireacht Fostaíochta, 1971.

Rialacháin i leith Gníomhaireachtaí Fostaíochta, 1972 go 1993. (I.R. 27/1971, I.R. 255/1972, S.I 49/1993)

Achtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus 2004
Achtanna um Chearrbhachais agus Crannchuir, 1956 go 1979

An tAcht um Shainmharcáil 1981

Rialacháin Sláinte (Bia i gcomhair Feidhmeanna Cothaitheacha ar leith), 1991. (I.R. 331/1991)

Fruilcheannach agus Díol Creidmheasa (Ordú Fógraíochta), 1961.(I.R. 183/1961)

An tAcht Maoine Tionscail agus Trachtála (Cosaint), 1927 go 1958

An tAcht Taighde Tionscail agus Caighdeán, 1961 agus 1979.

Achtanna Árachais 1909 go 2000

An tAcht um Idirghabhálaithe Infheistíochta, 1995

Achtanna Ceadúnúcháin 1833 go 2008

An tAcht um Chúiteamh d'Infheisteoirí, 1998.

Na Rialacháin um Tháirgí Leighis (Rialú na Fógraíochta) 2007 (I.R. 541/2007)

Na Rialacháin um Ullmhóidí Leighis (Bileoga Lipéadaithe agus Pacáistithe) 1993 – 1999 (I.R. 71/1993, I.R. 440/1994, 187/1999)

Na Rialacháin um Ullmhóidí Leighis (Ceadúnú, Fógraíocht agus Díol) 1984 – 1994 (I.R. 210/1984, I.R. 347/1989, I.R. 70/1993, I.R. 439/1994)

Na Rialacháin um Ullmhóidí Leighis (Oideas agus Rialú Soláthar) 2003 mar atá leasaithe (I.R. 540/2003)

Na Rialacháin um Ullmhóidí Leighis (Ceadúnú agus Díol) 1998 (I.R. 142/1998) agus 2001

Achtanna Marcanna Earraí Ceannaíochta, 1970.

An tAcht Méadreolaíochta 1996

Achtanna Bainne agus Déirithe, 1935, agus 1956

An tAcht um Thrádáil Ocáideach, 1979, mar atá leasaithe ag An Acht Corr-Thrádála 1995

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Acht na Radharcmheastóirí 1956 agus 2003

Package Holidays and Travel Trade Act, 1995

Ordú um Phraghsanna agus Táillí (Ráitis cáin-iniatacha) 1973 (I.R. 9/1973)

Achtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 go 2009

Achtanna Croise Deirge, 1938 go 1954

An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980

Achtanna Aturnaethe 1954 – 2002 Rialacháin Aturnaetha (Fógraíocht), 2002 (I.R. 518/2002)

Na hAchtanna Aturnaetha 1954-2002.

An tAcht um Stocmhalartáin, 1995

An tAcht um Tháirgí Tabac (Fógraíocht, Coimircíocht Agus Spreagadh Díolachán a Rialú), 1978.

Rialacháin um Tháirgí Tabac (Fógraíocht, Coimircíocht Agus Spreagadh Díolachán a Rialú) 1991-2009 (I.R. 326/1991, I.R. 215/2000, I.R. 243/2009).

Achtanna um Thrácht Cuartaíochta, 1939 go 1970

Achtanna na dTrádmharcanna 1996

Na hAchtanna um Bainc Thaisce Iontaobhas, 1989 agus 2001

An tAcht um Iontaobhais Aonad 1990

Cearta
An tAcht um Stádas Comhionann 2000 go 2004 – Acht 2000

An tAcht um Chomhionannas 2004

An tAcht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003

An tAcht um Thoirmeasc ar Ghríosú chun Fuatha, 1989

Reachtaíocht Bunaithe san Eoraip
Treoir ón gComhairle 2007/65/EC (An Treoir um Sheirbhísí Meán Closamhairc)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (CE) uimh. 2200/96 mar atá leasaithe ag 2699/2000 agus Rialachain na gComhphobal Eorpach (Torthaí agus Glasraí) 1997 (I.R. 122/1997)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Údarú, Cur ar an margadh, Feidhm agus Rialú

Rialacháin um Thráchtáil Leictreonach (Treoir 2000/31/CE) (I.R. 68/2003)

Rialachain na gComhphobal Eorpach (Sainmhíniú, Tuairisciú agus Tíolacadh Biotáille) 1995 (I.R. 300/1995)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Definition, Description and Presentation of Aromatised Wines, Aromatised Wine-Product Cocktails) 1998 (I.R. 254/1998)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aicmiú, Pacáistiú agus Lipéadú Lotnaidicídí) 1994 (I.R. 138/1994)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aicmiú, Pacáistiú agus Lipéadú Táirgí Cosanta Plandaí Agus Táirgí Bithicídeacha) 2001 (I.R. 624/2001

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Co-operation between National Authorities Responsible for the Enforcement of Consumer Protection Laws) 2006 (I.R. 290/2006)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Táirgí Cosmaideacha) 1997–2006 (I.R. 87/1997, I.R. 213/1998, I.R. 150/2000, I.R. 203/2000, I.R. 373/2006)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Distance Marketing) of Consumer Financial Services) Regulations 2004 (I.R. 853/2004)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Distance Marketing) of Consumer Financial Services) (Leasú) 2005 (I.R. 63/2005)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Food Supplement) 2003 (I.R. 539/2003)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Infant Formulae and Follow-on Formulae) 1998 go 2000 (I.R. 243/1998, I.R. 446/2000)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Lipéadú. Tíolacadh agus Fógairt Ábhair Bhia) 2000 agus 2002 (I.R.92/2000, I.R. 483/2002)

Creat- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Árachas Saoil) 1994 (I.R.360/1994)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fógraíocht Mhíthreorach) 1988 (I.R.134/1988)

Treoracha maidir le Fógraíocht Mhíthreorach agus Chomparáideach- 84/450/EEC, 97/55/EC, 05/29/EC

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ainmneacha agus Lipéadú Táirgí Teicstíleacha) 1998 (I.R. 245/1998)

Creat- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Árachas Neamh-Shaoil) 1994 (I.R. 359/1994)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Riachtanais Praghsanna Táirgí a Thaispeáint) 2002 (I.R. 639/2002)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Ábhair Beathúcháin) 1992 (I.R. 40/1992)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Protection of Consumers in Respect of Contracts Made by Means of Distance Communications) 2001(I.R. 207/2001

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Protection of Consumers in Respect of Contracts Made by Means of Distance Communications) (Leasú) 2005 (I.R. 71/2005)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Protection of Geographical Indication and Designations of Origin for Agricultural Products and Foodstuffs) 1995 agus 1999 (I.R. 148/1995) (I.R. 275/1999)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Protection of Geographical Indication and Designations of Origin for Agricultural Products and Foodstuffs) 1995 agus 1999 (I.R. 148/1995, I.R. 275/1999)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Television Broadcasting) Regulations, 1999 (I.R. 313/1999)

Treoracha Eorpacha 89/552/EEC (RI 215/1991) agus 97/36 EC (I.R. 313/1999)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Undertakings for Collective Investments in Transferable Securities) 2003 (I.R. 211/2003) (mar atá leasaithe)

Rialacháin um Mhí-úsáid Margaidh (Treoir 2003/71/EC) 2005 (I.R. 342/2005)

Rialacháin um Chosaint Tomhaltóirí i gcás Conarthaí a Rinneadh trí Chian-Chumarsáidí (Leasú) 2005 (I.R. 71/2005)

Rialacháin um Nimheanna (Rialú Iarmhairt i mBia de Bhunús Ainmhíoch) 1985 agus 1986 (I.R. 257/85, I.R. 236/86)

Rialacháin um Réamheolairí (Treoir 1924/71/EC) 2005 (I.R. 324/2005)

Treoir 1924/2006 an Chomhphobail Eorpaigh ar Éilimh i leith Cothú agus Sláinte a Dhéantar maidir le Bia.

Údarás Craolacháin na hÉireann
2-5 Plás Warrington
Baile Átha Cliath 2 Éire

T: +353 (0)1 6441200
F: +353 (0)1 6221299

info@bai.ie
www.bai.ie